

# Polasaí Gaeilge Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

- Tá BOO Chiarraí tiomanta do Scéim Teanga na heagraíochta a chur i bhfeidhm.
- Tacófar le foireann na Ceannoifige i mBOO Chiarraí seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil do phobal labhartha na Gaeilge. Déanfar é sin trí chúrsaí oiliúna Gaeilge agus oiliúint san Fheasacht Teanga a chur ar fáil don fhoireann.
- Cuirfidh BOO Chiarraí san áireamh an cumas Gaeilge atá ag baill nua foirne agus iad á n-earcú.
- Tá BOO Chiarraí tiomanta do pháirt a ghlacadh i slí dearfach agus réamhghníomhach in iarrachtaí pleanála teanga sa Ghaeltacht agus caidrimh chomhoibreacha a chothú leis na príomheagraíochtaí atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht.
- Cuirfidh BOO Chiarraí bearta ar leith i bhfeidhm sa Ghaeltacht a thacóidh le buanú phobal labhartha na Gaeilge trí chlár a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge do réimse aoisghrúpaí agus réimse riachtanas agus, dá réir sin, ag méadú na diméin teanga ina bhféadfar an Ghaeilge a úsáid.
- Cuirfidh BOO Chiarraí a gcuid bearta sa Ghaeltacht in oiriúint do riachtanais phobal labhartha na Gaeilge.
- Is í an Ghaeilge teanga oibre na hoifige atá ag BOO Chiarraí sa Ghaeltacht.
- Is mian le BOO Chiarraí feidhmeannas Gaeilge acmhainnithe a bheith ag an eagraíocht amach anseo.